Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Samhain 2021
(OR. en)

13627/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0049(COD)**

CODEC 1426
RECH 489
COMPET 772
PE 101

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht Eorpach Mhéadreolaíochta arna déanamh go comhpháirteach ag roinnt Ballstát<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(An Bhruiséil, an 10 go dtí an 11 Samhain 2021) |

## I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla do nós imeachta na comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin gcomhad seo ar an gcéad léamh.

Sa chomhthéacs sin, thíolaic an rapóirtéir, Maria da Graça Carvalho (EPP, PT), thar ceann an An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, leasú 74 ar an togra thuasluaite le haghaidh cinnidh agus leasú 73 ar an rún reachtach, leasú ina raibh an ráiteas ón gCoimisiún. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh na leasuithe sin.

[1] IO C 145, 30.6.2007, lch. 5.

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáil an suí iomlánach an 11 Samhain 2021, ghlac sé an leasú comhréitigh (leasú 74) ar an togra thuasluaite le haghaidh cinnidh, maille le (leasú 73) ar an rún reachtach. Níor glacadh aon leasuithe eile. Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é[2].

Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhormheas.

D'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

---

[2] Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a léiriú a rinneadh de bharr na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a aibhsítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Is leis an tsiombail '▌ ' a léirítear téacs a scriosadh.